An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

S20 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018-2022
Ár dTeanga, Ár bPobal

# AN CLÁR TACAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS TEANGA
## CLÁR CAIPITIL - BILEOG EOLAIS

**Eolas Ginearálta & Ceisteanna Coitianta**

***Brú ar an gceann ábhartha thíos chun dul díreach chuige***

## ÁBHAR


1. Eolas ginearálta faoin gClár ..... 2
2. Cén cineál cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil? ..... 2
3. Cé atá cáilithe chun iarratas a dhéanamh? ..... 3
4. Cén cineál trealaimh nó troscáin nach maoineofar? ..... 4
5. Cén chaoi a ndéantar iarratas? ..... 4
6. Cén chaoi a líontar an fhoirm iarratais isteach? ..... 4
7. Céard a tharlaíonn nuair a dhéantar iarratas? ..... 5
8. Céard a chuirtear san áireamh agus iarratas á mheas ag an Roinn? ..... 5
9. Céard faoi na rialacháin a bhaineann le soláthar poiblí? ..... 6
10. Céard faoi na rialacháin a bhaineann le hábhar iarratais os cionn €400,000? ..... 6
11. An bhfuil aon rud eile is gá a chur san áireamh sula ndéantar iarratas? ..... 6
12. Cén dóigh a n-íoctar an deontas le hiarratasóir? ..... 7
13. Céard a tharlóidh má thugtar eolas bréagach don Roinn nó má theipeann ar iarratasóir coinníollacha an deontais a chomhlíonadh? ..... 7
14. Céard a tharlaíonn i gcás nach bhfuiltear sásta le cinneadh na Roinne? ..... 7

AGUISÍN A. Léargas ar Ghnóthaí Soláthair Phoiblí ..... 8
   1. Soláthairtí (e.g. trealamh/troscán) ..... 8
   2. Oibreacha agus seirbhísí gaolmhara ..... 9
      2.1. Obair thógála/athchóirithe ..... 9
      2.2. Seirbhísí gaolmhara (ailtireacht/innealtóireacht agus a leithéid) ..... 9
   3. Conradh (i leith oibreacha tógála/athchóirithe agus seirbhísí gaolmhara) ..... 10

AGUISÍN B. Seicliosta cáipéisí atá riachtanach chun iarratas a dhéanamh ..... 11

# AN CLÁR TACAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS TEANGA
## CLÁR CAIPITIL - BILEOG EOLAIS

Ar mhaithe le tacú le forfheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, agus an Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 an Rialtais lena mbaineann, cuirtear cúnamh caipitil ar fáil faoin **gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga.** Tugtar léargas sa bhileog eolais seo ar chuspóirí agus coinníollacha an chláir chomh maith le heolas ábhartha eile maidir leis an gclár. Moltar í a léamh go cúramach sula líontar an fhoirm iarratais ina leith.

## 1. EOLAS GINEARÁLTA FAOIN GCLÁR

Is féidir le coistí/eagraíochtaí pobalbhunaithe, a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, iarratas a dhéanamh faoi **Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga** na Roinne. Ach an Roinn a bheith sásta go gcabhróidh ábhar an deontais leis na cuspóirí thuasluaite, cuirfear maoiniú ar fáil chun:

- cabhrú leis na costais a bhaineann le háiseanna pobail a thógáil nó a athchóiriú;
    - Áirítear anseo uasghrádú agus feistiú foirgnimh a theann i ngleic leis an ngá chun oiriúnú d'athrú aeráide – Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) de B2 nó a choibhéiseach a fháil don áis, mar aon le pointí cumhachta do charranna leictreachais. Is barrlíon ar na deontais atá ar fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) atá i gceist leis seo; agus
- chun trealamh nó troscán inghlactha a cheannach.

Tá an clár oscailte don bhliain ar fad agus níl aon spriocdháta faoi leith ann chun iarratas a chur isteach. Níl aon uasteorainn don chostas atá ar thograí ach ba chóir d'iarratasóirí a bheith airdeallach go bhfreastalaíonn an Roinn ar thograí ó na Gaeltachtaí ar fad faoin chlár seo agus déantar iarracht an t-airgead a dháileadh chomh cothrom agus is féidir.

## 2. CÉN CINEÁL CÚNAMH A D'FHÉADFADH A BHEITH AR FÁIL?

Is féidir deontas suas le 80% a cheadú - ag brath ar an gcás atá i gceist agus bunaithe ar na critéir a leagtar amach faoi mhír 8 thíos. I gcásanna faoi leith, ar nós:

- áiseanna luathoideachais, is féidir leibhéal an deontais a bheith níos airde agus deontas suas le 95% a bheith curtha ar fáil;
- oileáin Ghaeltachta, is féidir deontas suas le 90% a bheith curtha ar fáil;
- Coláistí Gaeilge atá in úinéireacht príobháideach is féidir deontas suas le 50% a bheith curtha ar fáil, fiú más ar oileán é.

Ní bheidh aon tionchar ag na leasuithe seo go ginearálta ar an leibhéal cúnaimh a bheidh ar fáil faoin gclár le hais an cúnamh a bhí ar fáil go dtí seo.

## 3. CÉ ATÁ CÁILITHE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH?

Le bheith cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh caipitil nó reatha faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga is gá na bunchritéir cháilithe a leanas a bheith comhlíonta ag iarratasóir féideartha – ag brath ar cé acu den dá shainmhíniú a leanas a bhaineann:

**Coiste Pobail/Cumann**

1. Grúpa féinriartha atá lonnaithe sa Ghaeltacht a fheidhmíonn trí Ghaeilge ar leas foriomlán na Gaeilge sa Ghaeltacht; atá stiúrtha go daonlathach; a fheidhmíonn ar bhonn deonach agus seachbhrabúsach; (not for profit) agus atá comhdhéanta de dhaoine a thagann le chéile faoi réir comhaontú scríofa (ar nós bunreacht) chun aidhmeanna faoi leith a bhaint amach tríd a gcuid gníomhaíochtaí a eagraítear trí Ghaeilge atá ar leas an phobail lena mbaineann (mar shampla: coiste pobail, cumann spóirt/drámaíochta);
2. Oifigigh faoi leith a bheith ceaptha chun cúram a dhéanamh de dhea-riaradh an choiste/chumainn lena n-áirítear: Cathaoirleach, Rúnaí, agus Cisteoir (beidh sonraí na n-oifigeach seo le tabhairt don Roinn mar chuid den iarratas) **Ní ghlacfar le hiarratais ó choistí comhdhéanta de theaghlaigh**;
3. Cuntas bainc faoi leith a bheith acu atá in ainm an choiste/an chumainn agus cuntas ioncaim agus caiteachais a bheith ar fáil ina dtugtar léargas soiléir ar ghnóthaí airgeadais an choiste/chumainn.
4. Coiste/Cumann, i dtuairim prima facie na Roinne, a bheadh in ann na critéir agus na coinníollacha éagsúla atá rianaithe i bhfoirm iarratais/leathán eolais an chláir mar a bhaineann sé le cúnamh reatha agus caipitil faoi seach a chomhlíonadh ach deontas a bheith ceadaithe acu faoi.

**Eagraíocht Ghaeilge/Ghaeltachta**

1. Eagraíocht féinriartha atá lonnaithe sa Ghaeltacht a fheidhmíonn trí Ghaeilge ar leas foriomlán na Gaeilge sa Ghaeltacht; atá riartha go daonlathach faoi threoir coiste/bord atá ceaptha go neamhspleách chun aidhmeanna sainaitheanta faoi leith a bhaint amach tríd a gcuid gníomhaíochtaí atá ar leas an phobail lena mbaineann;
2. airteagail comhlachais a bheith acu (articles of association)
3. cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (idir Chomharchumann[1]/eagras pobail/charthanacht) ;
4. Cuntas iniúchta bhliantúla ioncaim agus caiteachais ar fáil ; agus
5. Eagraíocht, i dtuairim prima facie na Roinne, a bheadh in ann na critéir agus na coinníollacha éagsúla atá rianaithe i bhfoirm iarratais/leathán eolais an chláir mar a bhaineann sé le cúnamh reatha agus caipitil faoi seach a chomhlíonadh ach deontas a bheith ceadaithe faoin gclár.

---

[1] Is cumann féinriartha de dhaoine is ea Comharchumann/Eagras Pobail, atá aontaithe go deonach chun a riachtanais agus spriocanna geilleagracha, sóisialta, cultúrtha a bhaint amach trí fhiontar atá faoi chomhúinéireacht agus atá stiúrtha go daonlathach (foinse: Bainistiú ar Eagrais Forbartha Pobail na Gaeltachta – lámhleabhar do bhainisteoirí, oifigigh forbartha agus Choistí Bainistíochta – Údarás na Gaeltachta: Márta 2020)

## 4. CÉN CINEÁL TREALAIMH NÓ TROSCÁIN NACH MAOINEOFAR?

Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe ar mhaoiniú:

- Oibreacha cothabhála;
- Trealamh TF pearsanta agus pacáistí bogearraí a ghabhann leo e.g. ríomhairí glúine / macbooks / fóin phóca / ipad / táibléid / ceamaraí s.r.l;
- Gléasanna ceoil, Cultacha do bhanna ceoil;
- Feithiclí áirithe; (m.sh lomaire féir/marcaíochta, quads, rothair);
- Uirlisí, e.g., fearas leictreacha m.sh druilire, sáibh, uirlisí cumhachta s.r.l;
- Tograí nó gnéithe de thograí ina bhfuil an trealamh ceannaithe, oibreacha tosaithe cheana nó sa chás ina bhfuil conarthaí sínithe sula mbronnfar an deontas;
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála;
- Nithe dara láimhe;
- Oiliúint nó Costais Traenála;
- Costais reatha, miondeisiúcháin nó costais leanúnacha eile;
- Uasghrádú ar chóras cuntas, pacáistí dearaidh;
- Síntiúis, Urraíocht

Déanfar **toscaí breithiúnais eile** a mheas freisin agus iarratais trealaimh á thástáil.

## 5. CÉN CHAOI A NDÉANTAR IARRATAS?

Is féidir iarratas a dhéanamh ar chúnamh faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga trí suíomh gréasán na Roinne. Tá dhá fhoirm iarratais ann:

**CTPT1** - Foirm Iarratais do threalamh le costas suas go €50,000

**CTPT2** - Foirm Iarratais d'Obair Thógála/Athchóirithe ar aon chostas nó do threalamh os cionn €50,000

Tá na foirmeacha iarratais ar fáil ANSEO.

## 6. CÉN CHAOI A LÍONTAR AN FHOIRM IARRATAIS ISTEACH?

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, caithfidh tú gach cuid den fhoirm iarratais don chlár seo a chomhlánú.

Iontráil d'inneachar ar an bhfoirm mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ticbhoscaí | • Cliceáil ar bhosca chun tic a chur ann; cliceáil arís chun tic a bhaint.<br>• Ná sáraigh uaslíon na dticbhoscaí atá léirithe ar an bhfoirm. |
| Réimsí téacs | • Cliceáil ar an mbosca liath laistigh de gach réimse freagra chun do théacs nó d'fhigiúirí a iontráil. |
| Táblaí | • Cliceáil ar an mbosca liath laistigh de gach cill sa tábla chun téacs agus figiúirí a iontráil.<br>• Iontráil dátaí san fhormáid *ll/mm/bbbb,* mar shampla, 01/01/2023.<br>• Ná hiontráil ach slánuimhreacha amháin i gcomhair figiúirí buiséid den fhoirm (sonraí airgeadais). Ná húsáid centanna, litreacha, poncaíocht ná siombailí airgeadra. |

## 7. CÉARD A THARLAÍONN NUAIR A DHÉANTAR IARRATAS?

Scrúdaítear an t-iarratas, ag cur san áireamh mar is cuí, an t-eolas atá curtha ar fáil agus na critéir atá luaite faoi mhír 8 thíos, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas uile atá iarrtha san fhoirm iarratais curtha ar fáil agus go bhfuil sé ábhartha don chás. I gcás nach bhfuil, déanfar teagmháil leis an iarratasóir chun pé ceist atá ann a réiteach. I gcásanna áirithe, seans go mbeadh ar an Oifigeach Réigiúnach nó ar Innealtóir na Roinne bualadh leis an iarratasóir chun an t-iarratas a phlé agus níos mó eolais a fháil.

De gnáth, nuair atá d'iarratas agus an t-eolas uilig atá de dhíth ag an Roinn faighte aici, bheadh tréimhse 3-4 mí i gceist chun cinneadh a fháil. Má tá gach rud in ord, cuirfear an cás faoi bhráid an Aire/Aire Stáit agus cuirfear an toradh in iúl don iarratasóir ina dhiaidh sin. I gcás go gceadaítear deontas, cuirfear amach litir cheadúcháin agus comhaontú deontais ina leagfar amach na coinníollacha a bheidh curtha leis an gceadú sin agus iarrfar ar an iarratasóir cóip shínithe de sin a chur ar fáil don Roinn chun a dhearbhú go bhfuil siad sásta na coinníollacha sin a chomhlíonadh.

Is é an príomhchuspóir a bhíonn ag na coinníollacha a chuirtear le deontas ná a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr is féidir ar airgead ar mhaithe leis an bpobal agus an Státchiste trí chéile. Is iondúil chomh maith go n-iarrtar an obair a bheith déanta, agus cúiteamh éilithe ina leith, roimh spriocdháta a luaitear sa litir cheadúcháin.

## 8. CÉARD A CHUIRTEAR SAN ÁIREAMH AGUS IARRATAS Á MHEAS AG AN ROINN?

- An tairbhe don Ghaeilge - Ábharthacht an togra don phróiseas pleanála teanga agus do phlean teanga an Limistéir Pleanála Teanga (LPT) lena mbaineann.
- An tairbhe don phobal
- Gníomhaíochtaí a chuirfidh feabhas ar inúsáidteacht nó fad saoil na saoráide agus billí fuinnimh a laghdú
- Riachtanas ábhar an iarratais
- Riachtanas chúnamh na Roinne
- An líon daoine a bhainfidh leas as ábhar an iarratais
- Costas an togra (lena n-áirítear costas thar shaolré an togra - mar a oireann)
- Maoiniú atá ar fáil nó a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear Ranna agus eagraíochtaí eile Stáit
- An cúnamh a cuireadh ar fáil don iarratasóir/don togra cheana féin
- Acmhainn agus iontaofacht an iarratasóra.

Tá ceist shonrach san fhoirm iarratais maidir leis na bealaí a dtacaíonn gníomhaíochtaí na heagraíochta, lena mbaineann an iarratasóir, le cuspóirí an phróisis pleanála teanga – go háirithe plean teanga an limistéir lena mbaineann. Agus an cheist á freagairt ní foláir tagairt shonrach a dhéanamh don bheart/na bearta lena mbaineann sa phlean teanga.

## 9. CÉARD FAOI NA RIALACHÁIN A BHAINEANN LE SOLÁTHAR POIBLÍ?

Ní mór go gcloífeadh an t-iarratasóir leis na rialacháin agus na treoirlínte uile atá i bhfeidhm ó thaobh soláthar poiblí agus oibreacha tógála, de réir mar a oireann. Ní mór an t-eolas atá in Aguisín A thíos a léamh go cúramach agus na treoracha sin a leanúint nuair a lorgaítear tairiscintí s.r.l.

## 10. CÉARD FAOI NA RIALACHÁIN A BHAINEANN LE HÁBHAR IARRATAIS OS CIONN €400,000?

I gcás go gceadaítear €400,000 nó níos mó beidh **gníomhas muirir** i gceist (ní bheidh an Roinn freagrach as aon chostas a thabhóidh an t-iarratasóir mar thoradh ar ghníomhas muirir a bheith á chur ar an maoin).

Is é an Gníomhas, a chláraíonn muirear dlíthiúil ar réadmhaoin a ceadaíodh deontas ina leith agus a dheimhníonn don Roinn bhur ráthaíocht dúinn go n-úsáidfear an réadmhaoin chun na críche atá ráite agaibh i bhur n-iarratas. Má éirítear as an réadmhaoin a úsáid chun na críche seo, is féidir leis an Roinn a éileamh go ndéanfadh sibh aisíoc ar an deontas. Ní íocfar tráthchuid deireanach 33.33% den deontas ach nuair atá an Gníomhas seo críochnaithe agus forghníomhaithe go bailí ag ionadaithe bhur n-eagraíochta agus thar ceann an Aire/Aire Stáit.

I gcás tograí móra caipitil níos mó ná €400k, ní mór costais saolré (agus an bealach a sheasfar iad) a chur ar fáil. Ba cheart go gclúdófaí sa chostas saolré an ioncaim agus caiteachas bliantúil ar a n-áirítear costais riaracháin, costas pá, cáin, acmhainní a ghinfear mar thoradh ar an infheistíocht s.r.l.

## 11. AN BHFUIL AON RUD EILE IS GÁ A CHUR SAN ÁIREAMH SULA NDÉANTAR IARRATAS?

I gcás oibreacha tógála, d'fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ar iarratasóir a chruthú go bhfuil Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas acu.

Má tá léas agaibh don suíomh atá i gceist san iarratas, de gnáth, beidh fianaise de dhíth a chruthaíonn go bhfuil ar a laghad 15 bliana fágtha ar an léas sin. Is féidir go n'iarrfaí léas níos faide ná sin ag brath ar chostas an togra.

Agus an fhoirm á líonadh, ní mór d'iarratasóirí a bheith ar an airdeall maidir le dualgais na Roinne agus na n-iarratasóirí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. De réir an Achta sin, is féidir leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scaoileadh le heolas (ar iarratas) atá tugtha in iarratas agus/nó i gcáipéisí taca. Má tá aon eolas mothálach i d'iarratas, ní foláir é sin a léiriú agus míniú a thabhairt cén fáth nár chóir scaoileadh leis i gcás go n-iarrtar an t-eolas sin faoin Acht. I gcás go n-iarrtar ar an Roinn scaoileadh faoin Acht le haon eolas a cheaptar a bheith mothálach, rachaimid i

gcomhairle leat sula ndéantar cinneadh faoin iarratas sin. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná do dhuine ar bith eile as caillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith a d'fhéadfadh eascairt go díreach nó go hindíreach as seo.

Ní mór freisin go mbeadh aird ag iarratasóirí ar na rialacháin agus na treoracha éagsúla a bhaineann le cosaint leanaí, cosaint sonraí (GDPR), an Cód Caiteachais Phoiblí agus rialachán nó treoir ábhartha ar bith eile a bhainfeadh le bronnadh an deontais.

## 12. CÉN DÓIGH A N-ÍOCTAR AN DEONTAS LE HIARRATASÓIR?

Íoctar deontas amach go siarghabhálach bunaithe ar chaiteachas deimhnithe – caithfidh sibhse mar choiste íoc as tráthchodanna den obair/trealamh ar dtús agus ansin éileamh a chur isteach chun na Roinne. Beidh cruthúnas de dhíth san éileamh sin ar an chaiteachas atá déanta agaibh agus íocfar sciar den deontas leat bunaithe ar an ráta deontais a bronnadh ort. M.sh. Bronntar deontas suas le €100,000 nó 80% ort mar choiste, tá €25,000 caite agaibh don chéad sciar den obair agus cuireann sibh éileamh íocaíochta isteach don Roinn chomh maith leis na cáipéisí cuí. Íocfaí 80% den chaiteachas sin duit €25,000 * 80% = €20,000. Caithfidh an t-iarratasóir cloí le haon coinníollacha (teicniúil agus eile) a cuireadh sa litir cheadaithe agus coinneofar siar céatadán den deontas go dtí go bhfuil na coinníollacha uilig comhlíonta.

## 13. CÉARD A THARLÓIDH MÁ THUGTAR EOLAS BRÉAGACH DON ROINN NÓ MÁ THEIPEANN AR IARRATASÓIR COINNÍOLLACHA AN DEONTAIS A CHOMHLÍONADH?

Coinníonn an Roinn an ceart aon iarratas a dhiúltú, nó deontas/cuid de dheontas a chur ar ceal - de réir mar a oireann - i gcás go dtugtar eolas bréagach don Roinn nó i gcás go dteipeann ar an iarratasóir coinníollacha an deontais a chomhlíonadh chun sástacht na Roinne. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas nó damáiste, ná as costas d'aon chineál a bhaineann le hiarratas a dhéanamh.

## 14. CÉARD A THARLAÍONN I GCÁS NACH BHFUILTEAR SÁSTA LE CINNEADH NA ROINNE?

Is féidir achomharc a lorg ach scríobh chuig: An tArd-Rúnaí, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 23 Sráid Chill Dara, BÁC 2, D02 TD30.

**Tuilleadh eolais agus fiosruithe:**

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Na Forbacha, Gaillimh H91KX39**

**Rphost: ctpt@tcagsm.gov.ie**

**Guthán: +353 (91) 503700**

# AN CLÁR TACAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS TEANGA
## CLÁR CAIPITIL - BILEOG EOLAIS

## AGUISÍN A. LÉARGAS AR GHNÓTHAÍ SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Tá sé mar aidhm ag na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm ó thaobh soláthar poiblí an luach is fearr agus is féidir ar airgead a chinntiú don iarratasóir agus don Stát araon trí nósanna imeachta agus córais trédhearcacha i dtaca le gach gné ábhartha den phróiseas faoina roghnaítear tairiscintí a bheith i bhfeidhm. Is ar chostas measta oibre/soláthairtí atá na tairseacha thíosluaite bunaithe.

### 1. SOLÁTHAIRTÍ (E.G. TREALAMH/TROSCÁN)

- **Costas measta níos lú ná €5,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir **tairiscint amháin nó níos mó a lorg** ó béal nó i scríbhinn a lorg.
- **Costas measta idir €5,000 agus €50,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir **trí thairiscint** i scríbhinn a lorg (ar rphost mar shampla). Is féidir an conradh a fhógairt ar eTenders go fóill más mian leis an iarratasóir.
- **Costas measta idir €50,000 agus €140,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir tairiscintí a lorg ar shuíomh www.etenders.gov.ie tríd an mhodh oscailte.
- **Costas measta os cionn €140,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir tairiscintí a lorg san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) ar shuíomh www.etenders.gov.ie

Cé go bhfuil cead ábhar an deontais a roinnt agus conradh a bhronnadh i leith gach coda, ní foláir costas iomlán an tsoláthair a chur san áireamh lena chinntiú nach mbeadh sárú ar na rialacháin um sholáthar poiblí.

Mar nóta, chun a chinntiú nach gcuirfear moill le próiseáil an iarratais mar gheall ar chúrsaí a bhaineann leis an ábhar seo, is gá a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil sé soiléir ó na tairiscintí go bhfuil comparáid á déanamh idir na soláthairtí céanna ó thaobh sonraíochta (specification) etc. de agus go bhfuil feidhm 4 mhí ar a laghad ag na tairiscintí ón dáta go gcuirtear an t-iarratas chuig an Roinn ionas nach mbeidh siad imithe in éag fad is atá an t-iarratas á mheas.

**Más amhlaidh go bhfuil 50% nó níos mó de mhaoiniú na heagraíochta ag teacht ó fhoinsí Stáit, tá dualgas ar an eagraíocht úsáid a bhaint as creata soláthair phoiblí an Rialtais.**

## 2. OIBREACHA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA

Baineann na treoirlínte a leanas le hoibreacha agus seirbhísí gaolmhara amháin. Tá an t-eolas a leanas bunaithe ar na treoirlínte atá ar fáil ar an suíomh idirlín https://constructionprocurement.gov.ie/ (CWMF). Moltar an t-eolas atá ar an suíomh sin a scrúdú go cúramach sula ndéantar iarratas.

### 2.1. Obair thógála/athchóirithe

- **Costas measta níos lú ná €200,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh):** Ní foláir **<u>5 thairiscint</u>** i scríbhinn a fháil ó chonraitheoirí atá inniúil agus atá suim acu san obair, a roghnaíonn an t-iarratasóir féin. Caithfidh an t-iarratasóir iad féin a shásamh go bhfuil an taithí chuí ag an gconraitheoir le tabhairt faoin obair atá i gceist, chomh maith le taithí chuí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Is féidir an conradh a fhógairt ar eTenders go fóill más mian leis an iarratasóir.
- **Costas measta idir €200,000 agus €5,382,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh):** Ní foláir tairiscintí a lorg ar shuíomh www.etenders.gov.ie, ag úsáid an mhodha oscailte (open procedure).
- **Costas measta os cionn €5,382,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir iad a lorg san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) agus ar www.etenders.gov.ie.

Cé go bhfuil cead obair thógála/athchóirithe a roinnt i gcodanna faoi leith, agus conradh a bhronnadh i leith gach coda, ní foláir costas iomlán na hoibre a chur san áireamh lena chinntiú nach mbeidh sárú ar na rialacháin um sholáthar poiblí. Beag beann ar sholáthar poiblí, moltar an obair a bhronnadh mar chuid d'aon chonradh amháin (mura bhfuil cúis mhaith ann gan sin a dhéanamh) le go mbeadh an fhreagracht ar chonraitheoir amháin agus gan aon amhras nó éiginnteacht ann i gcás go mbeadh deacracht leis an obair tar éis í a bheith déanta.

Mar nóta, chun a chinntiú nach gcuirfear moill le próiseáil an iarratais mar gheall ar chúrsaí a bhaineann leis an ábhar seo, is gá a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil sé soiléir sna tairiscintí go bhfuil comparáid á dhéanamh idir na hábhair/seirbhísí c(h)éanna ó thaobh sonraíochta (specification) etc. de agus go bhfuil feidhm 4 mhí ar a laghad ag na tairiscintí ionas nach mbeidh siad imithe in éag fad is atá an t-iarratas á mheas.

**Ar mhaithe le deacracht ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, b'fhearr comhairle a lorg ón Roinn faoi seo ar fad sula lorgaítear aon tairiscintí de réir mar a oireann.**

### 2.2. Seirbhísí gaolmhara (ailtireacht/innealtóireacht agus a leithéid)

- **Costas measta níos lú ná €5,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh):** Ní foláir **1 <u>thairiscint</u>** i scríbhinn a fháil ó chomhairleoir. Caithfidh an t-iarratasóir iad féin a

shásamh go bhfuil an taithí chuí ag an gcomhairleoir le tabhairt faoin obair atá i gceist, chomh maith le taithí chuí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

- **Costas measta idir €5,000 agus €50,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir **5 thairiscint** i scríbhinn a fháil ó chonraitheoirí atá inniúil agus atá suim acu san obair, a roghnaíonn an t-iarratasóir féin. Caithfidh an t-iarratasóir iad féin a shásamh go bhfuil an taithí chuí ag an gcomhairleoir le tabhairt faoin obair atá i gceist, chomh maith le taithí chuí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
- **Costas measta idir €50,000 agus €140,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir tairiscintí a lorg ar shuíomh www.etenders.gov.ie, ag úsáid an mhodha oscailte (open procedure).
- **Costas measta os cionn €140,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir iad a lorg san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) agus ar www.etenders.gov.ie.

Mar nóta, chun a chinntiú nach gcuirfear moill le próiseáil an iarratais mar gheall ar chúrsaí a bhaineann leis an ábhar seo, is gá a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil sé soiléir sna tairiscintí go bhfuil comparáid á dhéanamh idir na hábhair/seirbhísí c(h)éanna ó thaobh sonraíochta (specification) etc. de agus go bhfuil feidhm 4 mhí ar a laghad ag na tairiscintí ionas nach mbeidh siad imithe in éag fad is atá an t-iarratas á mheas.

## 3. CONRADH (I LEITH OIBREACHA TÓGÁLA/ATHCHÓIRITHE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA)

Ní foláir doiciméid chonartha atá ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus atá foilsithe ar shuíomh idirlín https://constructionprocurement.gov.ie/ a úsáid i gcás go mbronntar conradh. Is féidir an múnla conartha dar teideal Contract for Minor Building and Civil Engineering Works Designed by the Employer" nó an múnla dar teideal Public Works Short Form of Contract a úsáid i leith oibreacha (Múnlaí ar fáil anseo). Ní cheadaítear aon leasú a dhéanamh ar fhoclaíocht na gconarthaí agus ní féidir aon chonradh eile a úsáid gan cead a bheith faighte roimh ré on gCoiste Rialtais um Chonarthaí Tógála/Government Construction Contracts Committee (Feic Ciorclán 07/10 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Ní foláir a nótáil nach bhfuil cead suimeanna sealadacha nó buanchostais (Provisional or Prime Cost Sums) a úsáid i PW-CF5 nó PW-CF6 (Feic GN 1.5 sa CWMF).

Má tá comhairleoirí le ceapadh (ailtire, innealtóirí, suirbhéir cainníochta nó a leithéid) ní foláir iad a cheapadh bunaithe ar an gconradh dar teideal "Standard Conditions of Engagement for Consultancy Services (Technical) (ar fáil anseo).

# AN CLÁR TACAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS TEANGA
## CLÁR CAIPITIL - BILEOG EOLAIS

## AGUISÍN B. SEICLIOSTA CÁIPÉISÍ ATÁ RIACHTANACH CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

**Foirm Iarratais Leictreonach**: Beidh gá an fhoirm iarratais (atá ar fáil ANSEO) a líonadh ina hiomláine, leis an eolas cuí. Chun go mbeidh tú in ann an fhoirm iarratais leictreonach a chur isteach, beidh gá na cáipéisí mar atá sonraithe thíos a chur mar iatán sa ríomhphost.

| | |
|---|---|
| 1 | Foirm iarratais comhlíonta ina iomláine agus an Dearbhú ag Pointe 11 sínithe |
| 2 | Cóip de na tairiscintí: |
| 3 | Cóip den fhógraíocht faoinar lorgaíodh tairiscintí & an uimhir thagartha: |
| 4 | Plean gnó reatha (má tá ceann agaibh): |
| 5 | Plean/polasaí Gaeilge (má tá ceann agaibh): |
| 6 | Plean/polasaí Aeráide (má tá ceann agaibh): |
| 7 | Ráitis Bainc (le 6 mhí anuas) |
| 8 | Teastas Imréitigh Cánach (T.C.2) |
| 9 | Cóip de na cuntais is déanaí atá ag an Eagras (más ann dóibh) |
| 10 | Sonraí faoi bhallraíocht an Choiste (ainmneacha agus róil) nó Ainmneacha/Seoltaí na n-iontaobhaithe |
| 11 | Cóip den chead pleanála (más ann dó nó fianaise go ndearnadh iarratas ar chead pleanála nó litir ón údarás pleanála nach dteastaíonn cead pleanála (más obair thógála/athchóirithe atá i gceist): |
| 12 | Léaráidí (más obair thógála/athchóirithe) |
| 13 | Teastas Sábháilteachta Dóiteáin (más obair thógála atá i gceist) |
| 14 | Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (más obair thógála atá i gceist) |
| 15 | Cóip den Léas (más ann dó) |

Ní foláir a chinntiú go bhfuil **na tairiscintí cuí** curtha ar fáil.
Ba cheart go mbeadh sé soiléir ó na tairiscintí go bhfuil comparáid á déanamh idir na soláthairtí céanna ó thaobh sonraíochta s.r.l. (specification) de